C/2024/6843

15.11.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/6843)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

‘Ramandolo’

PDO-IT-A0939-AM02

Dáta na teachtaireachta: 26 Lúnasa 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. **An cineál ‘Riserva’ a chur isteach**

Tuairisc: cuireadh an cineál fíona ‘Riserva’ leis an gcineál fíona atá ann cheana.

Cúiseanna: Cuireadh ‘Riserva’ isteach mar chineál fíona toisc go bhfuil éileamh tráchtála ann freisin ar Ramandolo ag a bhfuil aosú níos faide ná mar atá i gceist leis an stíl chaighdeánach.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 1 den tsonraíocht táirge agus leis an roinn den doiciméad aonair dar teideal ‘Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)’.

2. **Scaoileadh lena thomhailt**

Tuairisc: ní ceadmhach fíon ag a bhfuil ATFC ‘Ramandolo’ a chur ar an margadh roimh mhí na Samhna den bhliain tar éis na buainte. Níor cheart an cineál fíona ‘Riserva’ a chur ar an margadh roimh an 1 Nollaig den tríú bliain tar éis na buainte.

Cúiseanna: i gcás an fhíona chaighdeánaigh Ramandolo, leasaíodh an dáta scaoilte lena thomhailt ionas gur féidir é a chur ar an margadh nuair atá an leibhéal íosta aibithe is infheidhme maidir le gach fíon bainte amach aige.

I gcás Ramandolo Riserva, áfach, roghnaíodh tréimhse 3 bliana roimh an scaoileadh chun freastal ar éilimh an mhargaidh.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge.

3. **Saintréithe ceimiceacha agus fisiceacha an chineáil Riserva, agus é á ól, a chur isteach**

Tuairisc: rinneadh saintréithe orgánaileipteacha, ceimiceacha agus fisiceacha an chineáil nua Riserva a chur isteach.

Cúiseanna: ar bhonn thorthaí Ramandolo a aibíodh le 3 bliana nó níos mó a bhlaiseadh, cuireadh tuairisceoirí nua dea-bholaidh agus blais isteach, agus rinneadh an t-eastóscán íosta saor ó shiúcra a mhéadú freisin.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 6 den tsonraíocht agus leis an roinn den doiciméad aonair dar teideal ‘Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)’.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Ramandolo

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar na fíonta**

1. Ramandolo

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: buí órga de dhéine éagsúil;

Dea-bholadh: dian agus sainiúil;

Blas: milis, veilbhitiúil, tainniní meánacha agus tathag a bhféadfadh blasanna adhmadacha a bheith orthu;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 14,00 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 25,0 gram in aghaidh an lítir.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 30

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. Ramandolo Riserva

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: buí órga de dhéine éagsúil;

Dea-bholadh: dian agus sainiúil, d'fhéadfadh ruainníní citris, torthaí criostalaithe, tae ghlais agus, b'fhéidir, suibhe cróch agus péitseoige a bheith ann freisin;

Blas: milis, bog, tainneach go héadrom uaireanta, struchtúrtha, d'fhéadfadh blasanna adhmadacha a bheith orthu;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 14,00 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 26 ghram in aghaidh an lítir.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 30

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

—

5.2. *Uastáirgeacht:*

1. Ramandolo

52 heictilítear in aghaidh an heicteáir.

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Ní mór fíonchaora chun fíon a tháirgeadh ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe agus ráthaithe 'Ramandolo' de réir bhrí Airteagal 1, a tháirgeadh sa limistéar seo a leanas: ag tosú ó eaglais Ramandolo (airde 369 m), agus uaidh sin feadh an bhóthair go Sliabh Bernardia (faoi bhun an ghleanna i dtreo soir ó thuaidh) agus airde 518 m á sroicheadh gar do ghráig thréigthe Tamar. Uaidh sin, leanann an teorainn i líne dhíreach i dtreo soir ó dheas, trí limistéar ag airde 250 m, ag an bpointe ag a mbuaileann na bóithre ó Torlano di Sotto agus Torlano di Sopra [Torlano íochtarach agus uachtarach] le chéile, agus ag teacht go ceantar San Giorgio (airde 469 m). Uaidh sin, i dtreo siar ó dheas, síneann sé go sliabh Plantandiz (airde 370 m), go La Crocce (airde 370 m), trí Pecol di Centa, agus thar shliabh Machefave (airde 365 m). Leanann sé ar aghaidh ansin i líne dhíreach i dtreo soir ó dheas, trasna an droichid thar abhainn Lagna (airde 222 m). Leanann sé an abhainn ó dheas go dtí a cumar le habhainn Cornappo (airde 190 m), ag leanúint feadh an Cornappo go dtí a cumar le habhainn Torre (airde 178 m). Leanann sé siar ó thuaidh feadh abhainn Torre go dtí ceantar Oltretorre (Tarcento) agus, ag an droichead thar abhainn Torre, tógann sé mórbhealach Stáit Uimh. 356 a leanann siar trí cheantair Aprato agus San Biago a shroicheann airde 214 m. Uaidh sin, tógann sé an bóthar ó thuaidh, ag sroicheadh airde 222 m agus ansin airde 261 m i gceantar Menoli. Leanann sé ar aghaidh ansin i líne dhíreach chuig sráidbhaile Noglareda (airde 313 m), ag dul trí airde 415 agus 440 m agus ag sroicheadh ceantar Beorchian. Ansin ritheann sé soir ó thuaidh go Case Zuc (airde 440 m), ag dul trí airde 404 m chun Case Rosazzis (airde 392 m) a shroicheadh. Uaidh sin, leanann sé soir ó thuaidh i líne dhíreach chuig sráidbhaile Gaspar (airde 253 m) agus ansin leanann sé an bóthar go Zomeais (airde 244 m). Ansin trasnaíonn sé an droichead thar abhainn Torre chun Ciseris (airde 264 m) a shroicheadh agus uaidh sin leanann sé i líne trí airdí 394 m agus 457 m os cionn cheantar Compare, ag sroicheadh sráidbhaile Patochis (airde 406 m). Uaidh sin, téann sé soir, ag sroicheadh airde 478 m, agus ansin casann sé ó dheas trí Case Zatreppi, ag sroicheadh airde 448 m i sliabh Sedilis. Uaidh sin, leanann sé soir i líne, trí Case Dri (airde 376 m), ag dul trí airdí 356 m agus 369 m, go dtí eaglais Ramandolo (airde 369 m), arb é an pointe tosaithe le haghaidh theorainn an chríochaithe.

7. **Cineálacha fíonchaor**

Verduzzo Friulano B — Verduzzo

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *A) Mionsonraí an limistéir gheografaigh*

1. Tosca nádúrtha is ábhartha don nasc

Tá limistéar geografach ATFC 'Ramandolo' suite sa chuid thoir de réigiún Friuli Venezia Giulia i gcúige Udine. Cumhdaíonn sé limistéar cnocach ag a bhfuil airde ard agus mheánach i mbardais Nimis agus Tarcento ar fhánaí Shliabh Bernadia. Éiríonn a mhullach go 1 732 m os cionn leibhéal na farraige agus soláthraíonn Sliabh Bernadia foscadh ó na gaotha fuara aduaidh. Is gráig bheag i mbardas Nimis é Ramandolo, óna bhfaigheann an fíon a ainm. Tá aghaidh fhíonghoirt uile limistéar Ramandolo ó dheas agus tá siad suite ar limistéar a éiríonn go 250 m os cionn leibhéal na farraige in Torlano, ar gráig é i mbardas Nimis, agus 369 m os cionn leibhéal na farraige i ngráig Ramandolo, agus sroichtear an airde is mó ag 413 m in Sedilis, ar gráig é i mbardas Tarcento. Tá sé ar cheann de na limistéir i mó báistí de limistéir Friuli Venezia Giulia a bhfuil ATFCanna gaolmhara acu, is é sin os cionn 2 200 mm, agus thart ar 130 lá báistí ann in aghaidh na bliana. Chomh maith leis na hathruithe móra ó thaobh teochta roimh an mbuaint, is ionann na tosca sin agus cineál micrea-aeráide. Fíonchaor de chineál Verduzzo Friulano atá ann, ar cineál é a shaothraítear ar thaobhanna cnoic sraithe. A bhuí leis an micrea-aeráid, claochlaítear na fíonchaora sin ina bhfíon Ramandolo so-aitheanta. Is é a lean as an aeráid uathúil sin roghnú docht ar na fíonchaora a fhástar. Go deimhin, cé is moite den chineál áitiúil Verduzzo, níl ach dhá chineál eile le fáil go praiticiúil: Is iad sin Picolit agus Refosco dal Peduncolo Rosso ach níl siad sin san áireamh sa tsonraíocht. Tá na hithreacha comhdhéanta den chuid is mó de mharlaí a fhoirmítear sa Sealad Eoicéineach. Is é Ramandolo an limistéar fíonsaothrúcháin is faide ó thuaidh in Friuli. Tá na cnoic ar a bplandaítear na fíonghoirt taobh le mais aolchloiche Shliabh Bernadia, ar teorainn chríochta í. Tá an tírdhreach cnocach ar a bhfástar Ramandolo i measc na dtírdhreach is dúshlánaí dá bhfuil ann sa réigiún. Tá na fánaí an-ghéar, ina bhfuil grádán níos mó ná 30 % ann, agus is fíor-mhinic nach mór an obair a dhéanamh go hiomlán de láimh. Is minic a bhíonn na sraitheanna caol, agus iad níos lú ná méadar ar leithead uaireanta. Mar gheall ar dhifríochtaí airde, áfach, níl aon bhaol ann go gcaithfidh siad scáth ar na fíniúnacha faoina mbun.

2. Tosca daonna is ábhartha don nasc

Is féidir an limistéar ina dtáirgtear Ramandolo a thuairisciú mar a leanas: 'is streachailt é dul i ngleic le stráicí beaga talún ar na cnoic sin, rud a chuireann ar chumas daoine slí bheatha a bhaint amach trí fhíniúnacha a shaothrú'.

Ramandolo: glacadh leis san am atá caite gurbh ainm Rómhánach é an t-ainm 'Romandolo'. Ach d'fhéadfadh bunús difriúil a bheith aige freisin. De réir Cornelio Cesare Desinan, níl sé cinnte in aon chur gur ainm Rómhánach atá ann: is é 'Romandulus' an leagan díspeagtha de 'Romandus', rud nach gciallaíonn 'Rómhánach' ach, seachas sin, a chiallaíonn 'Rómánsach', is é sin, i bhfocail eile 'Nua-Laideanach' nó 'Friulano'. Tá sráidbhaile Ramandolo suite go díreach ar an teorainn teanga, a bhfuil athrú tagtha uirthi roinnt uaireanta: ó thuaidh, tá na Slavaigh agus na Slóivéinigh ann agus, ó dheas, tá muintir Friuli ann, ar daoine de shliocht na Rómhánach iad.

Téann an chéad doiciméad ina luaitear gurbh ann do shráidbhaile Ramandolo siar go mí Iúil 1273, ar doiciméad é ina bhfuil na focail 'in Villa de Ramandul'. Tá stair agus saol Ramandolo nasctha go dlúth le heaglais San Giovanni Battista. Tógadh an eaglais sin ar thionscnamh deichniúir a gheall, trí ghníomhas nótaireachta an 9 Aibreán 1482, dhá dhiúcat an duine a rannío.

Mar thoradh ar chrith talún 1976 a bhuail an ceantar go trom, athraíodh an tírdhreach tuaithe go mór. Atógadh nó athchóiríodh na heaglaisí agus na tithe go léir, nach mór. Mar gheall ar na stoirmeacha cloch sneachta a bhíonn ann go minic, déantar an chuid is mó de na fíonghoirt a chosaint trí úsáid a bhaint as líontáin chosantacha lena gcuirtear in aghaidh clocha sneachta, agus iad suiteáilte os cionn bharr an duilliúir de ghnáth. Éilíonn na líontáin faireachán leanúnach ar thaobh na saothróirí fíniúna. Thairis sin, le gur féidir aon obair láimhe a dhéanamh san fhíonghort, ní mór na líontáin a ardú agus a chur ar ais sa suíomh ceart ina dhiaidh sin.

Tá go leor gnéithe ann a bhaineann le tosca daonna agus a raibh tionchar acu ar tháirgeadh Ramandolo, agus a leanann de bheith ag déanamh amhlaidh. Go deimhin, léiríonn na gnéithe sin na tosca uile atá ina gcuid dhílis den tsonraíocht táirge reatha.

— Meascán de chineálacha sna fíonghoirt: is é Verduzzo Friulano an cineál fíonchaoire idéalach don fhíon seo. Saothraítear go forleathan é sa limistéar seo trí úsáid a bhaint as an gclón ar a dtugtar 'Verduzzo Giallo' [Verduzzo buí], atá difriúil ó fhoirm ghlas Verduzzo a shaothraítear sa chuid eile den réigiún agus in Veneto in aice láimhe;

— Córais treoraithe, achair plandaithe agus modhanna prúnála: treoraítear formhór mór na bhfíniúnacha trí úsáid a bhaint as an gcóras ar a dtugtar 'cappucina' (cánaí dhá áirse). Úsáidtear Guyot freisin, chomh maith le cánaí áirse aonair. Is minic a mharcáiltear na sraitheanna le crainn torthaí, go háirithe silíní, úlla, plumaí agus figí. Ciallaíonn cruth ar leith an tírdhreacha agus an grádán ard nach féidir an obair saothraithe a mheicniú. Ar an gcúis sin, ní mór oibríochtaí tanaithe péacán agus prúnála geimhridh a dhéanamh de láimh go heisiach, agus úsáid á baint as an bhfórsa saothair áitiúil den chuid is mó. Déantar an bhuaint de láimh freisin, agus tá an bhuaint sin ar cheann de na céimeanna is déine de chuid an timthrialla fáis ar fad. Déantar na fíniúnacha a phlandú go dlúth beagnach i gcónaí. Ceadaíonn na córais treoraithe ard-dlús plandaithe agus bíonn táirgeacht laghdaithe in aghaidh na fíniúna ann mar thoradh air sin;

— Cleachtais bhuainte agus fíonóireachta: buaintear na fíonchaora go déanach, agus is minic a tharlaíonn méid beag rísínithe ar an bhfíniúin. I mblianta maithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh an bhuaint ann chomh déanach le deireadh mhí Dheireadh Fómhair. Cuireann cuid mhór táirgeoirí na fíonchaora buainte go díreach isteach i mboscaí a thugtar chuig láithreán rísínithe comhchoiteann, arna bhainistiú ag comharchumann táirgeoirí. Triomaíonn táirgeoirí eile na fíonchaora ar mhogall. I mblianta maithe, is féidir 'lobhadh uasal' (*Botrytis cinerea)* tarlú, rud a thugann a shaintréithe so-aitheanta don fhíon. Roghnaíonn cuid mhór déantóirí fíona maothú gearr ar maothú é, i bhfianaise na dteochtaí ísle le linn an choipthe, atá ina chineál séimh maothaithe fhuair go héifeachtach. Úsáideann táirgeoirí eile modh an fhíona ghil [gan mhaothú], rud a fhágann go mbíonn fíon níos séimhe ann atá réidh lena ól láithreach. Is cineál fíonchaoire é Verduzzo a tháirgeann tainniní suntasacha. Tá sé ar cheann den líon an-bheag fíonchaor bán a bhfuil na comhdhúile feanólacha sin ann ina gcraiceann. Ar an gcúis sin, tá sé an-deacair cothromaíocht a bhaint amach maidir le tiúchan ceart tainniní, aigéadachta agus milseachta. Chun an méid sin a dhéanamh go rathúil tá gá leis an taithí atá ag déantóirí fíona Ramandolo agus a fhágann siad ag na glúnta a thagann ina ndiaidh.

8.2. *B) Sonraí maidir le cáilíocht nó saintréithe an táirge atá inchurtha go bunúsach nó go heisiach i leith na timpeallachta geografaí*

Mar a luaitear in Airteagal 6 den tsonraíocht táirge reatha, níl ach cineál amháin fíona ag a bhfuil ATFC 'Ramandolo'. Mar thoradh ar idirghníomhaíocht na ndálaí aeráide, ar chruth an tírdhreacha agus ar chleachtais fhíonsaothrúcháin na dtáirgeoirí, bíonn fíon ann ar a bhfuil dath órga, atá beagáinín tainneach, tathagach, milis, agus dea-bholaithe acáise, torthaí aibí amhail plumaí agus aibreoga aige, agus meala sléibhe, agus bíonn cothromaíocht mhaith ann agus bíonn sé taitneamhach mar thoradh ar an leibhéal sásúil aigéadachta foriomláine atá ann. Mar is amhlaidh i gcás na bhfíonta móra uile ar féidir taitneamh a bhaint astu ina n-aonar agus ar cuireadh tréimhse rísínithe níos faide nó níos giorra i bhfeidhm maidir leo, sroicheann an aigéadacht luaineach leibhéil os cionn na meánleibhéal. Mar sin féin, ní bhíonn an fíon neamhchothrom riamh a bhuí lena charachtar an-struchtúrtha mar thoradh ar na leibhéil arda d'eastóscán saor ó shiúcra a bhíonn ann gan aon amhras.

8.3. *C) Tuairisc ar an idirghníomhaíocht chúisíoch idir na mionsonraí dá dtagraítear i bpointe A agus na mionsonraí dá dtagraítear i bpointe B*

Saintréith de thírdhreach cnocach an limistéir táirgthe is ea Sliabh Bernadia a bhfuil suíomh an-fheiceálach aige sa chuid thuaidh de limistéar ATFC Ramandolo, a bhuí lena airde shuntasach (1 732 m os cionn leibhéal na farraige). Cruthaíonn an tírdhreach sin bacainn nádúrtha in aghaidh na ngaoth fuar aduaidh, rud a chuireann na gaotha sin i dtreo na limistéar faoi bhun na limistéar sin ina dtáirgtear an ATFC. Ba chóir a mheabhrú gurb é Ramandolo an chuid is faide ó thuaidh de Friuli Venezia Giulia ina bhfástar fíonchaora. Ar leith ó Trentino Alto Adige, tá sé, dá bhrí sin, i measc na limistéar saothraithe fíonchaor is faide ó thuaidh atá ann san Iodáil.

Tagann an ithir ó fhoirmíochtaí de chuid an Sealad Eoicéineach, go háirithe i limistéar aolchloiche de chuid an luath-Shealad Eoicéineach den chuid is mó. Thairis sin, athraíodh comhdhéanamh na sraithe uachtaraí mar gheall ar an iliomad sciorrthaí láibe arbh é ba chúis leo aolchloch a theacht ar lánluas síos fánaí Shliabh Bernadia. Mar thoradh air sin, níl barrithir le fáil áit ar bith eile i Friuli Venezia Giulia. Is féidir na marlaí sin a aicmiú mar 'flysch Coimín', ar a dtugtar 'ponca' i gcanúint áitiúil Friulan. Áiríonn na marlaí ithreacha marla agus cnocacha limistéir [ATFCanna] 'Colli Orientali del Friuli' agus 'Collio'.

Nuair a fhástar fíonchaora Verduzzo Friulano sna hithreacha sin, ionsúnn siad go díreach eilimintí uile saintréitheacha agus aonair na fo-ithreach marla a thugann fuinneamh dóibh. Léiríodh arís agus arís eile gur ithir í 'ponca' nach gceadaíonn fás iomarcach ach a bhfuil sé d'éifeacht aige cainníocht a theorannú agus, ag an am céanna, cáilíocht a fheabhsú. Go praiticiúil, fíniúnacha amháin is ea iad na plandaí a fhástar sa limistéar seo, seachas an méid a gceadaíonn an dúlra dóibh bisiú ag na hairdí seo, i.e. crainn.

Tá an mheánbháisteach bhliantúil le deich mbliana níos mó ná 2 200 mm, agus níos mó ná 130 lá báistí ann. Fiú amháin le linn shéasúr fáis na bhfíniúnacha, tá dáileadh cothrom báistí ann, rud a chiallaíonn gur feiniméan neamhchoitianta é triomach sa limistéar seo.

Is é 13,6 °C an mheánteocht, agus buaicphointe ann sa samhradh, is é sin, go mór os cionn 30 °C. Os a choinne sin, ní bhíonn teochtaí fo-nialasacha neamhghnách sa gheimhreadh.

Cuireann na dálaí aeráide sin teorainn leis an gcleachtas rísínithe ar an bhfíniúin i bhfabhar úsáid níos forleithne rísínithe i mboscaí nó ar mhogall. Is é an cuspóir atá ann deireadh páirteach a chur le huisce ó laistigh de na fíonchaora chun na siúcraí, na haigéid, na substaintí aramatacha, na feanóil etc. a thiúchan.

Bíonn éifeacht dhoscriosta ag an gcomhcheangal teicnící fíoneolaíochta agus an mhiocraeráid ar leith agus rísíniú na bhfíonchaor ar chumhracht an fhíona. Go deimhin, cruthaíonn dea-bholaithe meala agus torthaí aibí, mar aon leis na tainniní saintréitheacha, sraith céadfaí atá chomh huathúil sin gurb ionann iad agus a dtrádmharc féin.

Tugadh táirgeadh an fhíona sin chun foirfeachta thar na blianta agus tiomsaíodh líon mór doiciméad a chruthaíonn, gan amhras, gur limistéar fíonóireachta é seo. In *Alle radici de Ramandolo* [Bunadh Ramandolo], tugann Claudio Fabbro an sampla seo: an 2ú hAonach — Comórtas fíonta as Friuli, a d'eagraigh Cumann Talmhaíochta Friuli in Udine, 20-23 Aibreán 1893, agus ar lena linn a bronnadh moladh i leith fíon de chuid Ramandolo nach raibh páirteach sa chomórtas, don Uasal Giovanni Comelli, ar a dtugtar 'Moro', a bhí ina dhéantóir fíona díograiseach as Torlano.

'Onóir mhór ab ea é sin dósan an tráth sin agus dá shliocht sa lá atá inniu ann nó, ar a laghad, dóibh siúd a chreideann i bhfíniúnacha agus i bhfíon... Agus léiríonn sé sin go bhfuil an nósmhaireacht ina ndéantar an t-ainm céanna le hainm limistéar geografach an táirgthe a ghairm den fhíon a dhéantar as fíonchaora Verduzzo Friulano: Ramandolo. Is gráig bheag é an limistéar seo i mbardas Nimis, atá neadaithe ar fhánaí Shliabh Bernadia, a bhfuil cáil air mar gheall ar an neachtar seo amháin, ar neachtar é a fhaightear ó fhíniúnacha a fhástar le saothrú den sórt sin sna fíonghoirt ar minic iad a bheith crochta ar na carraigeacha sléibhe. Ach tá na fíonchaora sin, nuair a bhíonn siad brúite, in ann fíon a tháirgeadh atá chomh blasta agus chomh mínscagtha sin go ndéantar dearmad ar na hiarrachtaí go léir a dhéantar le linn é a dhéanamh.

Ina theannta sin, ní fhéadfaí fíon ina bhfuil substaint agus carachtar den sórt sin a tháirgeadh ach amháin in Ramandolo agus sna cnoic máguaird, is é sin le rá, Cloz, Sedilis, Moric agus Coia.

I gceantair eile de chuid Colli Orientali [cnoic thoir] Friuli, is cinnte go dtáirgtear Verduzzo sármhaith atá taitneamhach agus a oireann d'fhíonsaothrúchán den scoth. Mar sin féin, ní féidir é a chur i gcomparáid le fíon Ramandolo agus na gceantar in aice láimhe.'

Tá doiciméad luachmhar ann a théann siar go 1934, ar doiciméad é arna fhoilsiú in 'L'Agricoltura Friulana' [Talmhaíocht na Fraince] (Uimh. 51, 22 Nollaig 1934 — XIII de chuid Ré na bhFaisisteach) ag an Dr Perusini Gaetano a scríobh an méid seo a leanas:

'Níl aon duine in Friuli nach bhfuil eolas aige nó aici ar fhíon Ramandolo. Mar sin féin, in ainneoin gur luaigh Marescalchi é ina shaothar maidir le fíonta tipiciúla na hIodáile, ní bhfuair sé an aird fós a thuilleann sé ó fhíoneolaithe agus ó shaothróirí fíniúna.

Tá cuid mhór ábhair mhíchruinn ann sa líon beag téacsanna ina labhraítear faoin bhfíon sin. Baineann an ceann is mó de na hábhair mhíchruinne sin le limistéar tionscnaimh an fhíona seo. I mo thuairimse, tugtar an t-ainm Ramandolo go heisiach d'fhíon a dhéantar as fíonchaora Verduzzo, agus úsáid á baint as modhanna sonracha agus buantar na fíonchaora timpeall shráidbhaile Ramandolo, ag airde idir 250 méadar agus 370 méadar, ar fhána géar a thairbhíonn go cothrom ó dhálaí fabhracha comhshaoil agus ithreach. Faigheann an fána sin foscadh ó na gaotha fuara mar thoradh ar thaobhanna creagacha Shliabh Bernadia, a éiríonn beagnach go dtí an bhuaicphointe os cionn an tsráidbhaile. Ina theannta sin, frithchaitheann taobh an tsléibhe chreagaigh gathanna na gréine go cumhachtach, rud a choinníonn teocht atá beagáinín os cionn theocht na sráidbhailte in aice láimhe.'

In 1992, d'aithin foraithne ón Aireacht Talmhaíochta folimistéar Ramandolo laistigh de ATFC 'Colli Orientali del Friuli'. Ina dhiaidh sin, fuair Cumann Cosanta Ramandolo, a bunaíodh in 1988, aitheantas don chéad ATFC réigiúnach dá fhíon. Go deimhin, le Foraithne Aireachta an 9 Deireadh Fómhair 2001, d'aithin an Aireacht luach níos mó ainmniúchán Ramandolo tríd an bhfolimistéar a uasghrádú go stádas ATFC.

Le blianta beaga anuas, baineann a stair le forbairt rathúil an ainmniúcháin agus le plandú fíonghort nua agus le hathstruchtúrú fíonghort níos sine. Tharla feachtas mór fógraíochta ann freisin, rud a d'fhág, mar aon le gairmiúlacht na saothróirí fíniúna, gurbh fhéidir le cáilíocht agus cáil 'Ramandolo', dul ó neart go neart.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

—

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/21934